

## 5 Glanchostas na mbeart cobhsaíochta baincéireachta

- 5.1** I ndiaidh thús na géarchéime baincéireachta in 2008, thug an Stát faoi roinnt beart chun an córas baincéireachta a chobhsú, lena n-áirítear
- bainc intíre a athchaipitliú go suntasach
  - cúnamh eisceachtúil leachtachta a bheith á sholáthar ag an mBanc Ceannais do bhainc intíre
  - ráthaíochtaí Rialtais maidir le taiscí agus dliteanais áirithe eile
  - cur ar bun na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) d'fhonn sócmhainní bearnaithe a fháil ó bhainc.
- 5.2** Ba chasta na bearta eisceachtúla ar tugadh fúthu agus bhí siad fite fuaite lena chéile, agus tá tionchar marthanach acu ar an Státchiste. Cé gur féidir idirbhearta áirithe a aithint go héasca — e.g. méideanna a infheistíodh i mbainc athchaipitlithe, fáлтаis ó dhiúscairtí agus ioncam a fhabhraíonn ó na hinfeistíochtaí — tá gá le nósanna imeachta meastacháin chun costais eile a thabhaíonn an Stát a aithint.
- 5.3** Cuireadh na meastacháin ar ghlanchoistas na mbeart cobhsaíochta baincéireachta i láthair roimhe seo, agus le déanaí rinneadh achoimre ar na torthaí go dtí deireadh 2021.<sup>1</sup> Ó shin i leith, tá go leor de na bearta cobhsaíochta curtha i bhfeidhm agus tugtha chun críche go suntasach, lena n-áirítear
- diúscairt an Stáit maidir leis an scairsheilbh go léir a bhí fágtha aige i mBanc na hÉireann agus i mBainc-Aontas Éireann cpt (AIB)
  - tá próiseas ar bun go gníomhach chun Permanent TSB (PTSB) ina bhfuil leas 57% ag an Stát a dhíol
  - rinne Banc Ceannais na hÉireann na bannaí Rialtais go léir a fuair sé a dhiúscairt i ndiaidh leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc (CÉRB) a dhiúscairt
  - cuireadh deireadh go foirmiúil le scéimeanna ráthaíochta dliteanais bainc a bhain leis an ngéarchéim i mí na Nollag 2025, agus
  - díscaoileadh GNBS go foirmiúil ar an 1 Lúnasa 2026.<sup>2</sup>
- 5.4** Rinneadh an tuarascáil seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an meastachán ar an nglanchostas chun na forbairtí sin agus an fhaisnéis a bhí ar fáil go dtí deireadh 2025 a chur san áireamh.

<sup>1</sup> Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, [2014](#), [2016](#), [2018](#) agus [2021](#).

<sup>2</sup> Alt 8, [An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta \(Forálacha Ilghnéitheacha\)](#), [2026](#).

### Forléargas ar ghlanchoistas

- 5.5** Ríomhadh leis an scrúdú seo go raibh thart ar €42 billiún (féach Fíor 5.1) i gceist leis an nglanchostas don Stát ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta. Tá sé sin comhsheasmhach den chuid is mó leis na torthaí a tuairiscíodh roimhe seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ag an am.

### Fíor 5.1 Glan-olltoradh measta ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail deireadh 2025

| Glaninfheistíochtaí                                                                              | €bn    | €bn           |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------|--------|---------------|
| Infheistíochtaí sna bainc                                                                        | 66.8   |               |
| Diúscairtí cothromais/scaireanna                                                                 | (22.1) |               |
| Luach iarmharach measta infheistíochtaí ag deireadh 2025                                         | (0.9)  | <b>43.8</b>   |
| <i>Móide glanchostas a bhaineann le seirbhísí ar fhiachas</i>                                    |        |               |
| Costas a bhaineann le seirbhísí ar fhiachas (measta) <sup>a</sup>                                | 34.8   |               |
| Ioncam breise de chuid an Bhainc Ceannais (measta) <sup>b</sup>                                  | (19.6) | <b>15.2</b>   |
| <i>Lúide ioncam ó infheistíochtaí/ó bhearta eile</i>                                             |        |               |
| Díbhinní agus ús                                                                                 | (6.4)  |               |
| Glanioncam ó scéimeanna ráthaíochta dliteanais agus leachtaitheoir speisialta CÉRB               | (5.4)  | <b>(11.8)</b> |
| <b>Glanchostas don Stát i gcás na mbanc</b>                                                      |        | <b>47.2</b>   |
| Barrachas GNBS <sup>c</sup>                                                                      |        | (5.2)         |
| <b>Glan-olltoradh measta don Stát ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail deireadh 2025</b> |        | <b>42.0</b>   |

**Costas bliantúil athfhillteach measta fadtéarmach a bhaineann le seirbhísí ar fhiachas: €0.65 billiún go €0.85 billiún in aghaidh na bliana<sup>d</sup>**


Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Leagtar amach a thuilleadh sonraí in Iarscríbhinn 5A.

- Nótaí:
- a Mar chuid den chostas a mheastar a bhaineann le seirbhísí ar fhiachas a bhaineann leis an infheistíocht i mbainc, tá costais bharúlacha an tseirbhísithe ar fhiachas a bhaineann leis na hinfeistíochtaí a rinne an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, agus na bisigh a d'íoc Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta nuair a d'fhuascail sí bannaí Rialtais a eisíodh chuig an mBanc Ceannais lena gcur in ionad nótaí gealltanais.
  - b An cion measta d'ioncam an Bhainc Ceannais atá inchurtha i leith bearta cobhsaíochta baincéireachta.
  - c Idir 2020 agus 2025, rinne GNBS suim a íoc leis an Státchiste nó sócmhainní a aistriú chuig an Stát lena bhain luach €5.1 billiún ar an iomlán. Ag deireadh 2025, thuairiscigh GNBS tuilleamh coinnithe carntha breise dar luach €0.1 billiún.
  - d Raon lena nglactar leis gur idir 1.5% agus 2% in aghaidh na bliana na rátaí; cinnfear an costas iarbhir de réir chostas iasachta an Stáit. Ba é 1.54% an costas bliantúil i ndáil le seirbhísí ar fhiachas in 2025.

### Glan-olltoradh measta do bhainc aonair

- 5.6** Rinneadh an glan-olltoradh measta do gach banc a mheas freisin, agus luach iarmharach measta infheistíocht an Stáit in PTSB an 31 Nollaig 2025 á chur san áireamh (féach Fíor 5.2). I gcás na gceithre bhanc go léir, is é an t-olltoradh atá le sonrú ná glanchostas €47.2 billiún. Déantar an glanchostas sin a fhritháireamh trí thuilleamh carnach €5.2 billiún GNBS, nach féidir a chur go héasca i leith iasachtaí a fuarthas ó bhainc shonracha.

**Fíor 5.2 Glan-olltoradh measta maidir le bainc aonair amhail deireadh 2025**



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Leagtar amach a thuilleadh sonraí in Iarscríbhinn 5A.

### An Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc

**5.7** I mí Iúil 2011, rinneadh an Banc Angla-Éireannach (Anglo) agus Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann (INBS) a chumasc chun CÉRB a bhunú. Faoin am sin, bhí €4.1 billiún in airgead tirim agus €30.6 billiún i bhfoirm nótaí gealltanais infheistithe ag an Stát sa dá eintiteas. Bhí na nótaí gealltanais coinnithe ag an mBanc Ceannais mar chomhthaobhacht chun iasachtaí a thabhairt do CÉRB.

**5.8** I mí Feabhra 2013, i ndiaidh leachtaitheoirí speisialta a cheapadh chuig CÉRB, fuair an Banc Ceannais bannaí Rialtais gaolmhara dar luach ainmniúil €28.5 billiún.<sup>3</sup> Idir 2013 agus 2023, dhiúscair an Banc Ceannais na bannaí sin, chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) den chuid ba mhó. Ó thaobh an Stáit de, déantar an costas a thabhaíonn GBCN a fhritháireamh trí na gnóthachain a fhabhraíonn chuig an mBanc Ceannais ón ús agus na bisigh a íocann GBCN leis.<sup>4</sup>

**5.9** Ar an iomlán, bhí CÉRB freagrach as glanchostas €39.1 billiún, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:

- infheistíocht an Stáit dar luach €34.7 billiún
- glanchostas an tseirbhísithe ar fhiachas i ndáil leis an infheistíocht, arb ionann é agus €5.8 billiún go dtí an 31 Nollaig 2025<sup>5</sup>
- aisghabháil €2.5 billiún in airgead tirim — €0.5 billiún i dtáillí i leith scéimeanna ráthaíochta dliteanais agus €2 billiún ó leachtaitheoirí speisialta CÉRB, agus
- íocaíocht díreach os cionn €1.1 billiún i ndáil le héilimh ó chustaiméirí CÉRB faoi scéimeanna ráthaíochta dliteanais.

3 Cuireadh bannaí Rialtais a raibh tréimhsí aibíochta idir 2038 agus 2053 ag gabháil leo in ionad nótaí gealltanais dar luach €25.034 billiún. Fuair an Banc Ceannais €3.5 billiún de bhanna Rialtais 2025 ar ráta 5.4% freisin.

4 Thuill an Banc Ceannais €16.8 billiún ó íocaíochtaí a rinne GBCN leis — €4.2 billiún i nglan-ús agus gnóthachain dar luach €12.6 billiún ó dhiúscairt bannaí Rialtais chuig GBCN.

5 Ba é €25.2 billiún costas an tseirbhísithe ar fhiachas, a fhritháiríodh trí ioncam gaolmhar €19.4 billiún ón mBanc Ceannais — €16.8 billiún ó fháltais GBCN, €0.9 billiún ó dhíol an bhanna Rialtais 5.4% ar an margadh oscailte agus €1.7 billiún ó ús a d'íoc CÉRB i leith cúnamh eisceachtúil leachtachta a sholáthair an Banc Ceannais.


### Bainc-Aontas Éireann cpt

**5.10** Ba é €8.4 billiún glanchostas measta infheistíocht an Stáit in AIB (féach Fíor 5.3).


- Ba é €22.2 billiún an infheistíocht iomlán. Ba é €7.9 billiún an glanchostas measta a bhain le seirbhísí ar an bhfiachas gaolmhar go dtí deireadh 2025.
- Fuair an Stát €15.4 billiún ar an iomlán ó dhíúscairtí scaireanna in AIB.
- Ba é €6.3 billiún an t-ioncam don Stát, i bhfoirm díbhinní ar scairshealbha agus táillí ráthaíochta dliteanais den chuid ba mhó, go dtí deireadh 2025.

**Fíor 5.3 Infheistíocht an stáit in AIB, 2009 – 2025**


**Costais na hinfeistíochta agus an tseirbhísithe ar fhiachas, agus díúscairtí agus ioncam**



**Infheistíochtaí agus díúscairtí**



**Ioncam agus costais an tseirbhísithe ar fhiachas**




Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Féach larscríbhinní 5A, 5B agus 5C.

**Banc na hÉireann**


- 5.11** Ba é €1.5 billiún an glanbharrachas measta don Stát óna infheistíocht i mBanc na hÉireann (féach Fíor 5.4).
- 5.12** Ba é €5.9 billiún an infheistíocht iomlán. Fuair an Stát €4.8 billiún ó dhíúscairt na scaireanna, a críochnaíodh in 2022. Ba é €0.6 billiún glanchostas an tseirbhísithe ar an bhfiachas gaolmhar, ach fritháiríodh é trí ioncam — i bhfoirm díbhinní agus táillí ráthaíochta dliteanais den chuid ba mhó — dar luach €3.2 billiún ar an iomlán.

**Fíor 5.4 Infheistíocht stáit i mBanc na hÉireann, 2009 – 2022**


**Costais na hinfeistíochta agus an tseirbhísithe ar fhiachas, agus díúscairtí agus ioncam**



**Infheistíochtaí agus díúscairtí**



**Ioncam agus costais an tseirbhísithe ar fhiachas**



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Féach larscríbhinní 5A, 5B agus 5C.

### Permanent TSB

- 5.13** Ba é €1.2 billiún glanchostas infheistíocht an Stáit in Permanent TSB.
- D'infheistigh an Stát €4 billiún.
  - Go dtí deireadh 2025, bhí €1.9 billiún aisghafa ag an Stát ó dhiúscairtí scaireanna, agus ba é €0.9 billiún luach shealúchas iarmharach an Stáit ag deireadh 2025.
  - Ba é €0.9 billiún glanchostas an tseirbhísithe ar fhiachas i ndáil le PTSB. Fritháiríodh an costas sin trí ioncam €0.9 billiún, inar cuimsíodh táillí a fuarthas i leith scéimeanna ráthaíochta dliteanais dar luach €0.7 billiún.

### An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

- 5.14** Cuireadh GNBS ar bun chun sócmhainní bainc áirithe a bhaineann le maoin a fháil (go príomha iasachtaí d'fhéichiúnaithe a d'infheistigh i maoin) ó bhainc Éireannacha, chun na hiasachtaí agus an chomhthaobhacht ghaolmhar a shealbhú agus a bhainistiú agus ar deireadh thiar chun na sócmhainní sin a dhiúscairt ar bhealach a chosnaíonn leasanna an Stáit.<sup>6</sup>
- 5.15** D'íoc GNBS €31.8 billiún le bainc le hiasachtaí ábhartha a cheannach, arbh iasachtaí iad a raibh beagán ní ba mhó ná €74.4 billiún le híoc ag iasachtaíthe ina leith. Ag an bpointe díola, thabhaigh na bainc caillteanais €42.6 billiún ar na hiasachtaí (57% de luach anonn na n-iasachtaí), rud ba chúis leis an ngá a bhí le hiad a athchaipitliú.
- 5.16** Idir 2020 agus 2025, rinne GNBS suim a íoc leis an Státchiste nó sócmhainní a aistriú chuig an Stát lenar bhain luach €5.1 billiún ar an iomlán as a thuilleamh coinnithe carntha.<sup>7</sup> I ráitis airgeadais GNBS ag deireadh 2025, tuairiscíodh €79 milliún mar thuilleamh coinnithe carntha sa bhreis. Díscaoileadh GNBS go foirmiúil ar an 31 Lúnasa 2026.
- 5.17** Bhainistigh GNBS na sócmhainní iasachta a fuair sé ó na hinstiúidí rannpháirteacha faoi threoir punanna 'gaoil féichiúnaí', a raibh iasachtaí a fuarthas ó instiúidí creidmheasa iomadúla i go leor acu. Níl sé praiticiúil, mar sin, ranníocaíocht GNBS leis an Státchiste a cheangal go díreach le bainc aonair.

6 Ba iad na bainc Anglo, AIB, Banc na hÉireann, INBS agus an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS).

7 As an €5.1 billiún, bhí €425 milliún de i bhfoirm aistrithe sócmhainní chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Íocadh an chuid eile den €5.1 billiún leis an Státchiste in airgead tirim.

8 Athbhreithniú ar mheasúnú caipitil stuamachta (PCAR 2011), inar sainithníodh na riachtanais chaipitil bhreise a bhí ag trí bhanc — AIB, Banc na hÉireann agus PTSB. Ní raibh CÉRB faoi réir PCAR 2011.

### Caipitliú na mbanc

- 5.18** Idir Márta 2009 agus deireadh 2010, d'infheistigh an Stát €46.8 billiún san iomlán sna bainc. I ndiaidh athbhreithniú a rinne an Banc Ceannais in 2011, d'infheistigh an Stát €20 billiún eile le linn na tréimhse 2012 – 2014.<sup>8</sup>
- 5.19** Rinneadh na hinfheistíochtaí sin, dar luach €66.8 billiún ar an iomlán, a mhaoiniú mar a leanas:
- An **Státchiste**: €44.4 billiún, lena n-áirítear €30.85 billiún i bhfoirm nótaí gealltanais. I gcás na mbanc, bhí nótaí gealltanais incháilithe mar chomhthaobhacht le haghaidh cúnamh eisceachtúil leachtachta ón mBanc Ceannais.

- An **Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn** (CISÉ): €22.4 billiún, lena n-áirítear €1.7 billiún d'ús cothromais a fuarthas in ionad díbhinní ar scaireanna tosaíochta<sup>9</sup>

**5.20** Tá níos mó sonraí faoi na hinfeistíochtaí, faoi na diúscairtí agus faoin ioncam ó na bainc leagtha amach in larscríbhinn 5B.

### Costais a bhaineann le fiachas


**5.21** Ós rud é go raibh na hinfeistíochtaí sna bainc maoinithe go mór trí mhéadú ar iasachtaí, is é an Stát a sheasann costais bhliantúla an tseirbhísithe ar fhiachas agus costais ghaolmhara eile.

**5.22** Mhaoinigh CISÉ a infheistíochtaí óna acmhainní féin. Dá bhrí sin, ní raibh aon mhuirear úis dhíreach ann. Mar sin féin, tá deis chostas ann don Stát i leith na hinfeistíochta. Chun críocha an scrúdaithe seo, ríomhadh an deis chostas barúlach mar an t-ús a thabhaigh an Státhiste ar na hiasachtaí a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh cistí CISÉ ar fáil don Stát chun críocha eile seachas infheistiú i mbainc.

**5.23** Ar an iomlán, ba é €34.8 billiún an costas a bhain le fiachas don Stát idir 2009 agus 2025 (féach Fíor 5.5). Mar chuid den chostas seo tá

- costais mheasta úis dar luach €22.2 billiún ar an iomlán, lena n-áirítear costais bharúlacha úis na n-infheistíochtaí a rinne CISÉ
- bisigh dar luach €12.6 billiún ar an iomlán a d'íoc GBCN nuair a d'fhuascail sé bannaí Rialtais i ndáil le cobhsaíocht a eisíodh chuig an mBanc Ceannais.<sup>10</sup>

**Fíor 5.5 Costais charnacha mheasta i ndáil le fiachas a bhaineann le hinfeistíochtaí an Stáit i mbainc, 2009 – 2025**



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Féach larscríbhinn 5C.

<sup>9</sup> Is é an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) a rinne na hinfeistíochtaí ar an gcéad dul síos. In 2014, aistríodh sócmhainní CNP chuig an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ).

<sup>10</sup> Tháinig na bisigh chun cinn de bharr go raibh an toradh ar na bannaí Rialtais ní b'ísle tráth a ndiúscartha ná an tráth a bhfuair an Banc Ceannais iad.

## Ioncam an Bhainc Ceannais i ndáil le cobhsaíocht baincéireachta

- 5.24** Rinneadh an costas don Stát maidir leis an bhfiachas i ndáil le cobhsaíocht baincéireachta a fhritháireamh go páirteach trí ioncam gaolmhar an Bhainc Ceannais. Maidir leis na blianta 2009 go 2023, meastar gur bhain thart ar €19.6 billiún d'ioncam an Bhainc Ceannais le hionstraimí airgeadais a bhí á gcoinneáil mar thoradh ar bhearta cobhsaíochta baincéireachta (féach Fíor 5.6).

### Fíor 5.6 Meastachán ar ioncam an Bhainc Ceannais atá inchurtha i leith idirbheart maidir le bearta cobhsaíochta baincéireachta, 2009 – 2023

|                                                                                                        | Glanioncam ó ús         | Gnóthachain ar dhiúscairt bannaí | Iomlán       |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------|----------------------------------|--------------|
|                                                                                                        | €bn                     | €bn                              | €bn          |
| Cúnamh eisceachtúil leachtachta (CEL) <sup>a</sup>                                                     | 1.89                    | n/b                              | 1.89         |
| Bannaí Rialtais, nó bannaí atá ráthaithe ag an Rialtas, atá i seilbh an Bhainc Ceannais <sup>b,c</sup> | 4.16                    | 13.52                            | 17.68        |
| <b>Iomlán</b>                                                                                          | <b>6.05<sup>d</sup></b> | <b>13.52</b>                     | <b>19.57</b> |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Idir 2009 agus 2013, tugadh CEL do cheithre bhanc a bhí caipitlithe ag an Stát.
  - b Ina measc sin bhí bannaí a bhain le CÉRB a d'eisigh GNBS, bannaí a eisíodh chun íocaíocht nóta gealltanais €3.06 billiún a íoc, agus bannaí a eisíodh lena gcur in ionad nótaí gealltanais dar luach €25.034 billiún tráth ar leachtaíodh CÉRB.
  - c D'íoc GBCN €12.6 billiún de na gnóthachain nuair a d'fhuascail sé bannaí Rialtais a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais; réadaíodh an €0.9 billiún eile ó dhíolachán ar an margadh oscailte.
  - d Tá an t-ioncam úis glan ar chostas úis gaolmhar de thart ar €0.3 billiún.

- 5.25** Ba do CÉRB a tugadh cúnamh eisceachtúil leachtachta den chuid ba mhó, agus bhain an t-ioncam agus na gnóthachain go léir i leith bannaí Rialtais le CÉRB. Ar an iomlán, tá méid measta €19.4 billiún (99%) d'ioncam an Bhainc Ceannais sna blianta 2009 – 2023 agus a d'eascair ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta inchurtha i leith idirbheart idir an Banc Ceannais agus CÉRB. Tá an t-iarmhéid inchurtha i leith Bhanc na hÉireann (€99 milliún), AIB (€66 milliún) agus PTSB (€44 milliún).

- 5.26** D'íoc GBCN an t-ús ar na bannaí a bhí coinnithe ag an mBanc Ceannais (€4.2 billiún) agus na bisigh a íocadh nuair a cheannaigh GBCN bannaí ar ais (€12.6 billiún) ó chistí an Stáitchiste. D'íoc na bainc a raibh cúnamh eisceachtúil leachtachta (€1.9 billiún) á fháil acu an €2.8 billiún eile nó rinneadh é a réadú ó dhíol bannaí ar an margadh oscailte (€0.9 billiún).

- 5.27** Cuireadh an t-ioncam €19.6 billiún sin go léir ón mBanc Ceannais i bhfeidhm chun leasa an Stáit chun costais an Bhainc Ceannais (€2.2 billiún) a íoc, chun cúlchistí an Bhainc a mhéadú (€3.4 billiún) nó chun an díbhinn bhliantúil don Stáitchiste a mhéadú (€14 billiún). Fritháiríodh go páirteach leis sin an costas don Stát i leith seirbhísiú ar fhiachas a bhain le bearta cobhsaíochta baincéireachta.<sup>11</sup>

<sup>11</sup> Ba é €4.9 billiún fáltais iomlána an Bhainc Ceannais ó bhannaí Rialtais maidir leis na blianta 2020 – 2023. Ba é thart ar €2.7 billiún brabús iomlán an Bhainc Ceannais don tréimhse chéanna (roimh ghnóthachain nó caillteanais achtúireacha). Dá bhrí sin, íocadh costais as €2.2 billiún den ioncam ó bhannaí. Sna blianta ar fad roimhe sin, bhí na brabúis iomlána níos mó ná na fáltais ó na bannaí.

## Costais leanúnacha a bhaineann le seirbhísiú ar fhiachas ó 2025

- 5.28** Ag deireadh 2025, tá an costas a bhaineann le seirbhísiú ar fhiachas fós á thabhtú ag an Státchiste, fiachas a d'eascair as an infheistíocht a rinneadh sna bainc ar glanchostas €42 billiún, rud atá fós ina dhliteanas fadtéarmach don Stát.<sup>12</sup> Beidh costas bliantúil ar an seirbhísiú ar an bhfiachas sin don Stát cothrom le thart ar €420 milliún in aghaidh gach pointe céatadáin de mheánchostas ualaithe iasachta an Stáit.
- 5.29** Mar gheall ar dhiúscairt na scairshealb in AIB agus i mBanc na hÉireann, agus na sócmhainní neamhréadaithe teoranta a bhí coinnithe ag an Stát ag deireadh 2025 (€0.9 billiún), is beag scóip atá ann d'ioncam breise i ndáil le cobhsaíocht i ndiaidh dheireadh 2025.

## Ioncam ó scéim ráthaíochta dliteanais

- 5.30** Ráthaigh an Stát dliteanais áirithe a bhí ar na bainc faoi thrí phríomhscéim.
- Ní raibh aon táillí iníoctha leis an Stát maidir leis an Scéim Ráthaíochta Taiscí, faoina ráthaítear taiscí a bhí ag daoine aonair in institiúidí creidmheasa clúdaithe suas le €100,000 ar a mhéad in aghaidh an taisceora incháilithe in aghaidh na hinstitiúide.<sup>13</sup>
  - Faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), a bhí i bhfeidhm idir 2008 agus 2010, tugadh ráthaíocht do réimse leathan dliteanas bainc le haghaidh seacht n-institiúid a roghnaigh páirt a ghlacadh sa scéim.<sup>14</sup> Éilíodh ar na hinstitiúidí creidmheasa íocaíochtaí a dhéanamh as an gcosaint a cuireadh ar fáil faoin scéim.<sup>15</sup>
  - Tháinig an Scéim Ráthaíochta Dlíteanas Incháilithe i bhfeidhm i mí na Nollag 2009 agus níor glacadh le haon dliteanais nua tar éis mhí an Mhárta 2013. Chríochnaigh an scéim i mí an Mhárta 2018. Bhí ceanglas ar na ceithre institiúid a ghlac páirt sa scéim táillí a íoc mar chúiteamh ar an gclúdach a fuair siad.<sup>16,17</sup>
- 5.31** Faoi dheireadh 2025, bhí glanioncam dar luach thart ar €5.4 billiún faighte ag an Stát faoi na scéimeanna. Fuarthas €4.5 billiún i dtáillí. Lena chois sin, íocadh díreach os cionn €1.1 billiún in éilimh, agus fuarthas €2 billiún ó leachtaitheoirí speisialta CÉRB.

## Tátail

- 5.32** Faoi dheireadh 2025, meastar gurbh é €42 billiún an glanchostas don Stát i leith bearta a glacadh chun an córas baincéireachta a chobhsú. Cuirtear san áireamh sa mheastachán sin luach na scairsheilbhe a bhí fágtha ag an Stát in Permanent TSB (€0.9 billiún) agus tuilleamh coinnithe GNBS (€0.1 billiún) ag deireadh 2025.
- 5.33** Bhí an costas ba shuntasáí don Stát i leith CÉRB, a raibh glanchostas measta €39.1 billiún i gceist leis.

12 Cuirtear san áireamh i nglanchostas na n-infheistíochtaí ag deireadh 2025 luach iarmharach scairsheilbh an Stáit in PTSB (€0.9 billiún).

13 Ní chlúdaítear ach institiúidí atá ceadúnaithe le taiscí a fháil in Éirinn agus atá údaraithe ag an mBanc Ceannais.

14 Ba iad Bainc-Aontas Éireann (AIB), Anglo, Banc na hÉireann, an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS), Irish Life and Permanent, Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann (INBS) agus Postbank Teoranta na hinstitiúidí a bhain leas as an scéim (na 'bainc chlúdaithe').

15 Cúlghaireadh an Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) go foirmiúil i mí na Nollag 2025. ([I.R. 614/2025](#)).

16 AIB (EBS san áireamh), CÉRB, Banc na hÉireann agus PTSB.

17 Cúlghaireadh an Scéim Ráthaíochta Dlíteanas Incháilithe go foirmiúil i mí na Nollag 2025 ([I.R. 615/2025](#)).

**5.34** Bhí difríocht ann sa ghlan-olltoradh maidir leis na hidirbhearta a bhain leis na bainc eile.

- Bhain glanchostas measta €8.4 billiún le cobhsaíocht AIB.
- Meastar gurbh é €1.2 billiún an glanchostas i ndáil le cobhsaíocht PTSB, i ndiaidh luach scairsheilbh iarmharach an Stáit ag deireadh 2025 a chur san áireamh.
- Mar thoradh ar an infheistíocht i mBanc na hÉireann agus costas an tseirbhísithe ar fhiachas, bhí glanbharrachas €1.5 billiún ag an Stát. Ba é sin an t-aon infheistíocht amháin sna bainc tharrtháilte a thug toradh dearfach.

**5.35** Bhí an glanchostas don Stát a bhain leis na hinfheistíochtaí sna hinstiúidí airgeadais aonair — €47.2 billiún — fritháirithe go páirteach trí bharrachas carntha saoil GNBS dar luach €5.2 billiún.

**5.36** I bhfianaise na scóipe an-teoranta le haghaidh aon fháltais bhreise, is é díreach os cionn €42 billiún luach measta an fhiachais fhadtéarmaigh a thabhaigh an Stát i ndáil le cobhsaíocht na n-instiúidí airgeadais. Bhí sé sin díreach os cionn 18% d'fhiachas náisiúnta na hÉireann ag deireadh 2025.

**5.37** Ní chuirtear san áireamh sa mheastachán ar ghlanchoistas is fiú €42 billiún costais úis bhreise a thiocfaidh chun cinn amach anseo as maoiniú an fhiachais ghaolmhair. Cinnfear an costas leanúnach a bhaineann le seirbhísí ar fhiachas de réir na gcostas iasachta atá i réim don Stát. Bheadh costas bliantúil gaolmhar de bheagnach €650 milliún ann mar thoradh ar an meánchoistas a bhaineann le seirbhísí ar fhiachas de 1.54% in 2025.

### Iarscríbhinn 5A Glan-olltoradh measta, de réir bainc, ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2025

|                                                                            | AIB <sup>a</sup> | Banc na hÉireann | Permanent TSB <sup>a</sup> | Iomlán na mbanc trádála | CÉRB <sup>a</sup> | Iomlán        |
|----------------------------------------------------------------------------|------------------|------------------|----------------------------|-------------------------|-------------------|---------------|
|                                                                            | €bn              | €bn              | €bn                        | €bn                     | €bn               | €bn           |
| Costas caipitlithe na mbanc, trí infheistíochtaí                           | (22.2)           | (5.9)            | (4.0)                      | (32.1)                  | (34.7)            | (66.8)        |
| Diúscairt infheistíochtaí                                                  | 15.4             | 4.8              | 1.9                        | 22.1                    | —                 | 22.1          |
| Costas measta an tseirbhísithe ar fhiachas a bhaineann le hinfheistíochtaí | (8.0)            | (0.7)            | (0.9)                      | (9.6)                   | (25.2)            | (34.8)        |
| Ioncam gaolmhar ón mBanc Ceannais <sup>b</sup>                             | 0.1              | 0.1              | —                          | 0.2                     | 19.4              | 19.6          |
| Ioncam ó infheistíochtaí                                                   | 4.5              | 1.7              | 0.2                        | 6.4                     | —                 | 6.4           |
| Táillí a fuarthas faoi scéimeanna ráthaíochta dliteanais                   | 1.8              | 1.5              | 0.7                        | 4.0                     | 0.5               | 4.5           |
| Éilimh a rinneadh faoin scéim ráthaíochta dliteanais                       | —                | —                | —                          | —                       | (1.1)             | (1.1)         |
| Fáltais ó leachtaitheoirí speisialta CÉRB                                  | —                | —                | —                          | —                       | 2.0               | 2.0           |
| Barrachas GNBS <sup>c</sup>                                                | n/b              | n/b              | n/b                        | n/b                     | n/b               | 5.2           |
| <b>Glanhostais mheasta amhail an 31 Nollaig 2025</b>                       | <b>(8.4)</b>     | <b>1.5</b>       | <b>(2.1)</b>               | <b>(9.0)</b>            | <b>(39.1)</b>     | <b>(42.9)</b> |
| Luach iarmharach measta scaireanna amhail an 31 Nollaig 2025 <sup>d</sup>  | —                | —                | 0.9                        | 0.9                     | —                 | 0.9           |
| <b>Glan-olltoradh measta amhail an 31 Nollaig 2025</b>                     | <b>(8.4)</b>     | <b>1.5</b>       | <b>(1.2)</b>               | <b>(8.1)</b>            | <b>(39.1)</b>     | <b>(42.0)</b> |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Áirítear leis na hinfheistíochtaí in AIB na cinn in EBS a fuair AIB i mí Iúil 2011. D'athraigh Irish Life and Permanent a ainm go Permanent TSB i mí na Bealtaine, 2012. Is ionann CÉRB agus comhcheangal de na comhlachtaí a bhí ann roimhe, Banc Angla-Éireannach agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann.
  - b Ba ó Permanent TSB a tháinig thart ar €40 milliún den ioncam gaolmhar a tháinig ón mBanc Ceannais.
  - c Ní féidir tuilleamh carntha GNBS a cheangal go díreach le bainc aonair.
  - d Féach Iarscríbhinn 5B le haghaidh tuilleadh sonraí.

## Iarscríbhinn 5B Caipitliú na mbanc trí infheistíochtaí

Ar an iomlán, rinne an Stát instealltaí caipitil dar luach €66.8 billiún, gan an t-ioncam ó tháillí a bhfuil luach díreach os cionn €260 milliún air a áireamh, i gceithre institiúid airgeadais agus, faoi dheireadh 2025, rinne sé diúscairtí dar luach €22.1 billiún (féach Fíor 5B.1 ).

### Fíor 5B.1 Caipitliú na mbanc — infheistíochtaí agus diúscairtí, Nollaig 2025

|                                                   | AIB           | Banc na hÉireann | Permanent TSB | Iomlán na mbanc trádála | CÉRB          | Iomlán        |
|---------------------------------------------------|---------------|------------------|---------------|-------------------------|---------------|---------------|
|                                                   | €bn           | €bn              | €bn           | €bn                     | €bn           | €bn           |
| <b>Infheistíochtaí</b>                            |               |                  |               |                         |               |               |
| Gnáthscaireanna <sup>a</sup>                      | (10.8)        | (3.1)            | (2.3)         | (16.2)                  | (4.1)         | (20.3)        |
| Scaireanna tosaíochta <sup>b</sup>                | (3.5)         | (1.8)            | —             | (5.3)                   | —             | (5.3)         |
| Ranníocaíocht chaipitil                           | (6.0)         | —                | —             | (6.0)                   | —             | (6.0)         |
| Nótaí caipitil theagmhasaigh <sup>c</sup>         | (1.6)         | (1.0)            | (0.4)         | (3.0)                   | —             | (3.0)         |
| Luach na nótaí gealltanais a eisíodh <sup>d</sup> | (0.3)         | —                | —             | (0.3)                   | (30.6)        | (30.9)        |
| Irish Life                                        | —             | —                | (1.3)         | (1.3)                   | —             | (1.3)         |
| <b>Infheistíocht iomlán<sup>e</sup></b>           | <b>(22.2)</b> | <b>(5.9)</b>     | <b>(4.0)</b>  | <b>(32.1)</b>           | <b>(34.7)</b> | <b>(66.8)</b> |
| <b>Diúscairtí</b>                                 |               |                  |               |                         |               |               |
| Gnáthscaireanna                                   | 12.1          | 1.9              | 0.2           | 14.2                    | —             | 14.2          |
| Scaireanna tosaíochta                             | 1.7           | 1.9              | —             | 3.6                     | —             | 3.6           |
| Nótaí caipitil theagmhasaigh                      | 1.6           | 1.0              | 0.4           | 3.0                     | —             | 3.0           |
| Irish Life                                        | —             | —                | 1.3           | 1.3                     | —             | 1.3           |
| <b>Diúscairt infheistíochtaí</b>                  | <b>15.4</b>   | <b>4.8</b>       | <b>1.9</b>    | <b>22.1</b>             | <b>—</b>      | <b>22.1</b>   |
| <b>Glaninfheistíochtaí</b>                        | <b>(6.8)</b>  | <b>(1.1)</b>     | <b>(2.1)</b>  | <b>(10.0)</b>           | <b>(34.7)</b> | <b>(44.7)</b> |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Áirítear le gnáthscaireanna díbhinní ar scaireanna tosaíochta a fuarthas i bhfoirm gnáthscaireanna (€1.41 billiún i gcás AIB agus €0.25 billiún i gcás Bhanc na hÉireann).
  - b I mí an Mhárta, 2009, d'infheistigh CISE €3.5 billiún i scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann. In R1 in 2010, tiontaíodh €1.66 billiún san iomlán de na scaireanna sin ina ngnáthscaireanna (curtha san áireamh sna gnáthscaireanna thuas).
  - c Cáilíonn nótaí caipitil theagmhasaigh mar chaipiteal leibhéal a dó. Tiontaíonn siad ina ngnáthscaireanna faoi chúinsí áirithe, lena n-áirítear má thiteann an cóimheas bunchapitil leibhéal a haon faoi 8.25%.
  - d Cealaíodh na nótaí gealltanais a bhí i seilbh CÉRB i mí Feabhra, 2013, agus malartaíodh iad idir GBCN agus an Banc Ceannais le haghaidh bannaí státciste ráta chomhlúthaigh arbh ionann iad agus €25.034 billiún.
  - e Ba é thart ar €260 milliún san iomlán an t-ioncam glan ar tháillí a baineadh d'infheistíochtaí.

***Ioncam ó infheistíochtaí i mbainc agus luach iarmharach measta infheistíochtaí an Stáit i mbainc***

Ba é €6.4 billiún iomlán an ioncaim a fuarthas i ndáil le hinfeistíochtaí suas go deireadh 2025 agus ba é €0.9 billiún luach iarmharach measta infheistíocht an Stáit in Permanent TSB.

**Fíor 5B.2 Ioncam ó infheistíochtaí an Stáit i mbainc ó 2009 go 2025, agus an luach iarmharach measta amhail Nollaig 2025**

| Ioncam ó infheistíochtaí                                   | AIB         | Banc na hÉireann | Permanent TSB | Iomlán              |
|------------------------------------------------------------|-------------|------------------|---------------|---------------------|
|                                                            | €bn         | €bn              | €bn           | €bn                 |
| <b>An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn</b>         |             |                  |               |                     |
| Ioncam ó tháillí i leith scaireanna tosaíochta             | 0.03        | 0.03             | —             | <b>0.06</b>         |
| Gnáthscaireanna in ionad díbhinní ar scaireanna tosaíochta | 1.41        | 0.25             | —             | <b>1.66</b>         |
| Díbhinní ar ghnáthscaireanna                               | 1.36        | 0.04             | —             | <b>1.40</b>         |
| Díbhinní ar scaireanna tosaíochta                          | 0.45        | 0.74             | —             | <b>1.19</b>         |
| Cealú na mbarántas scaireanna                              | 0.44        | 0.49             | —             | <b>0.93</b>         |
| <b>Státchiste</b>                                          |             |                  |               |                     |
| Ús cúpóin ar nótaí caipitil theagmhasaigh                  | 0.80        | 0.15             | 0.15          | <b>1.10</b>         |
| Díbhinn fhabhráithe ar dhíol Irish Life                    | —           | —                | 0.04          | <b>0.04</b>         |
| <b>Iomlán</b>                                              | <b>4.49</b> | <b>1.70</b>      | <b>0.19</b>   | <b>6.38</b>         |
| <b>Luach iarmharach measta infheistíochtaí</b>             |             |                  |               | <b>Luacháil €bn</b> |
| CÉRB                                                       |             |                  |               | —                   |
| Permanent TSB <sup>a</sup>                                 |             |                  |               | 0.9                 |
| <b>Iomlán</b>                                              |             |                  |               | <b>0.9</b>          |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Luacháladh an cothromas a bhí coinnithe in Permanent TSB ar phraghsanna an mhargaidh.

**Iarscríbhinn 5C Costas measta an tseirbhísithe ar fhiachas a bhaineann le hinfheistíochtaí, 2009 – 2025 (lena n-áirítear na costais bharúlacha a bhaineann le seirbhísiú ar fhiachas ó infheistíochtaí CISE)**

| De réir bliana             | 2009 – 2021 | 2022       | 2023       | 2024       | 2025       | Iomlán      |
|----------------------------|-------------|------------|------------|------------|------------|-------------|
|                            | €bn         | €bn        | €bn        | €bn        | €bn        | €bn         |
| <b>Foinse maoiniúcháin</b> |             |            |            |            |            |             |
| Státchiste <sup>a</sup>    | 21.9        | 2.1        | 1.7        | 0.7        | 0.7        | 27.1        |
| CISÉ                       | 6.8         | 0.3        | 0.3        | 0.2        | 0.1        | 7.7         |
| <b>Iomlán</b>              | <b>28.7</b> | <b>2.4</b> | <b>2.0</b> | <b>0.9</b> | <b>0.8</b> | <b>34.8</b> |

| De réir bainc              | AIB        | Banc na hÉireann | Permanent TSB | Iomlán na mbanc trádála | CÉRB        | Iomlán      |
|----------------------------|------------|------------------|---------------|-------------------------|-------------|-------------|
|                            | €bn        | €bn              | €bn           | €bn                     | €bn         | €bn         |
| <b>Foinse maoiniúcháin</b> |            |                  |               |                         |             |             |
| Státchiste <sup>a,b</sup>  | 1.0        | —                | 0.9           | 1.9                     | 25.2        | 27.1        |
| CISÉ                       | 7.0        | 0.7              | —             | 7.7                     | —           | 7.7         |
| <b>Iomlán</b>              | <b>8.0</b> | <b>0.7</b>       | <b>0.9</b>    | <b>9.6</b>              | <b>25.2</b> | <b>34.8</b> |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Áirítear le foinsí maoiniúcháin an Státchiste ús a íocadh ar nótaí gealltanais a eisíodh in 2010, ús a íocadh ar bhannaí Rialtais ráta chomhlúthaigh a eisíodh chun teacht in ionad na nótaí gealltanais, agus bisigh a d'íoc GBCN chun nótaí ráta chomhlúthaigh a athcheannach ón mBanc Ceannais.
  - b Tabhaíodh thart ar €40 milliún maidir le maoiniú an Státchiste le haghaidh Bhanc na hÉireann. Mar gheall ar an slánú, léirítear é sin mar 'náid' sa tábla.